



An Bhruiséil, 15 Márta 2019
(OR. en)

Comhaid Idirinstitiúideacha:
2018/0216(COD)
2018/0217(COD)
2018/0218(COD)

7482/1/19
REV 1

AGRI 143
AGRILEG 56
AGRIFIN 21
AGRISTR 22
AGRIORG 18
CODEC 676
CADREFIN 154

NÓTA

ó: An Uachtaránacht

chuig: An Chomhairle

Uimh. an doic. ón gCoim.: 9645/18 + COR 1 + ADD 1
9634/18 + COR 1 + ADD 1
9556/18 + REV 1 (en, de, fr) + COR

Ábhar: An pacáiste um athchóiriú CBT i ndiaidh 2020

a) Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha arna ndréachtú ag na Ballstáit faoin gComhbheartas Talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha faoi CBT) agus arna maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

b) Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013

c) Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta, (AE) Uimh. 1151/2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí, (AE) Uimh. 251/2014 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint tasc geografach i ndáil le táirgí fíona cumhraithe, (AE) Uimh. 228/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas, agus (AE) Uimh. 229/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht i bhfabhar na n-oileán beag Aeigéach

- *Tuarascáil ar dhul chun cinn ón Uachtaránacht*

I. RÉAMHRÁ

1. Mar chuid de roinnt tograí reachtacha earnála a bhaineann le creat airgeadais ilbhliantúil an Aontais (CAI) 2021-2027, rinne an Coimisiún na trí thogra seo a leanas le haghaidh athchóiriú ar an gComhbheartas Talmhaíochta (CBT) a fhoilsiú ar an 1 Meitheamh 2018:
 - **Rialachán rithábachtach maidir le pleananna straitéiseacha faoi CBT**, lena gcuimsítear fócaíochtaí díreacha, idirghabhálacha earnála agus forbairt tuaithe;
 - Rialachán maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air (dá ngairfear feasta: **An Rialachán Cothrománach**), lena dtugtar an Rialachán cothrom le dáta a thiocfadh in ionad an Rialacháin atá ann cheana ar a bhfuil an t-ainm céanna;
 - **Rialachán leasaitheach** (an Rialachán maidir le comheagrú na margaí talmhaíochta (CEM)), lena leasaítear agus lena dtugtar cothrom le dáta na Rialacháin seo a leanas: Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 maidir le Comheagrú na Margaí Talmhaíochta (CEM), Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí, Rialachán (AE) Uimh. 251/2014 i ndáil le táirgí fíona cumhraithe, Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 maidir leis na réigiúin is forimeallaí agus Rialachán (AE) Uimh. 229/2013 maidir le hoileáin bheaga Aeigéacha.
2. Léigh Meithleacha freagracha na Comhairle trí na trí Rialachán atá beartaithe, rinneadh obair sa Choiste Speisialta um Thalmhaíocht (CST) agus sa Chomhairle "Talmhaíocht agus Iascach" agus, ina dhiaidh sin, thíolaic Uachtaránacht na hOstaire an chéad sraith de mholtaí i leith dréachtú maidir leis na trí thogra (15046/18, 15058/18 + ADD1, 14195/18) agus rinne sí tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le staid a scrúdaithe a chur faoi bhráid na Comhairle ar an 17 Nollaig 2018 (15027/18).

3. Ag tógáil ar an obair a rinne Uachtaránacht na hOstaire agus i ndiaidh plé breise ar leibhéal na Meithle, CST agus na Comhairle "Talmhaíocht agus Iascach", thíolaic Uachtaránacht na Rómáine sraith de mholtaí athbhreithnithe i leith dréachtú, moltaí atá fós faoi réir tuilleadh barúlacha ó Sheirbhís Dlí na Comhairle maidir le saincheistean dlí.

II. STAID NA hIMEARTHACHT I nDÁIL LEIS AN RIALACHÁN MAIDIR LE PLEANANNA STRAITÉISEACHA FAOI CBT

4. Rinne Uachtaránacht na Rómáine na moltaí athbhreithnithe i leith dréachtú i ndáil leis an Rialachán maidir le **Pleananna Straitéiseacha faoi CBT** (7007/19) a thíolacadh ar an 1 Márta 2019 agus phléigh an Coiste Speisialta um Thalmhaíocht (SCA) iad ar an 4 agus 11 Márta 2019. Thug Uachtaránacht na Rómáine an méid seo a leanas dá haire:

- b'fhearr go mór leis na toscaireachtaí, maidir leis an sainmhíniú ar fhéarthailte buana, an sainmhíniú a leagtar amach sa Rialachán "Omnibus" a choimeád (Airteagal 4(1)(b) (iii));
- b'fhearr leis na toscaireachtaí foráil a dhéanamh, mar rogha, maidir leis an gceanglas i leith oiliúint iomchuí agus/nó scileanna iomchuí d'fheirmeoirí óga (Airteagal 4(1)(e));
- b'fhearr leis na Ballstáit fíorfeirmeoirí a shainiú ar bhonn deonach, lena n-áirítear an deis tairseach a shocrú faoina bun a d'fhéadfaí a mheas go mbeadh gach feirmeoir ina "fhíor"feirmeoir (Airteagal 4 (1ab));
- díriú na mBallstát i ndáil leis an oibleagáid maidir leis an uirlis inbhuanaitheachta feirme i ndáil le cothaithe a chumhdófar le seirbhísí comhairleacha feirme (Airteagal 13(4) (fa)); ba cheart foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse a mhéid a bhaineann leis an oibleagáid sin;
- léirigh na Ballstáit gur mhian leo leanúint den díospóireacht ar choincheap laghdú na n-íocaíochtaí, tar éis an phlé sa Choiste Speisialta um Thalmhaíocht (CST);

- b'fhearr leis na Ballstáit go mbeadh asbhaint na gcostas saothair deonach le haghaidh laghdú na n-íocaíochtaí agus go mbeadh níos mó solúbthachta ann i gcoitinne chun an modh a shonrú le méideanna atá le hasbhaint a ríomh (Airteagal 15(2));
- tacaíonn líon mór de na toscaireachtaí leis an tacaíocht ioncaim athdháilte fhorlíontach a bheith deonach (Airteagal 26(1));
- tá na Ballstáit i bhfabhar go ndéanfaí foráil go sainráite maidir le deis chun na limistéir a athcheapadh do shrianta nádúrtha nó do shrianta eile a bhaineann go sonrach le limistéar (Airteagal 66(2));
- tacaíonn na Ballstáit, i bprionsabal, le ráta tacaíochta le haghaidh infheistíochtaí suas le 75 %, agus suas le 100 % i gcás idirghabhálacha sonracha, agus ba mhaith leis na Ballstáit go mbeadh an bonneagar talmhaíochta agus foraoiseachta san áireamh (Airteagal 68(4));
- ba mhaith leis na toscaireachtaí go ndéanfaí soiléiriú ar an mbaint idir sprioc agus garspriocanna agus maidir le minicíocht garspriocanna (Airteagail 97 (1)(a), 100(1), 115(2)(b)), cé go nglacann siad le méadú ar an gcorrlach lamháltais le haghaidh easnamh féideartha táscairí toraidh ó gharspriocanna agus corrlach lamháltais céimlaghdaitheach le himeacht ama (Airteagal 121a).

III. STAID NA hIMEARHTHA MAIDIR LEIS AN RIALACHÁN COTHROMÁNACH

5. Maidir leis an **Rialachán Cothrománach** atá beartaithe, rinne Uachtaránacht na Rómáine moltaí i leith dréachtú a pléadh i CST (ar an 21/1, 11/2, agus 4 & 11/3/2019). Tá an méid seo a leanas tugtha dá haire ag an Uachtaránacht maidir leis na moltaí atá déanta aici i leith dréachtú, moltaí atá i ndoiciméad 6981/19 REV 1;
 - Tacaíonn na Ballstáit i gcoitinne go dtabharfaí an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmhligthe a ghlacadh freisin maidir le hidirghabhálacha earnála, lena n-áirítear maidir le torthaí agus glasraí (Airteagal 42(4));

- Aontaíonn na Ballstáit go nglacfaidh an Coimisiún, i gcás éigeandála, gníomhartha cur chun feidhme i ndáil le híocaíochtaí le tairbhíthe (Airteagal 42(5)).
- Cé go bhfuil tuairimí éagsúla ag na Ballstáit, b'fhearr leo go ndéanfaí an tairseach de EUR 2000 do chur i bhfeidhm an smachta airgeadais a thabhairt isteach an athuair, mar bheart cosantach do na feirmeoirí beaga agus chun leanúint den chóras atá ann cheana.

IV. STAID NA hIMEARTHA MAIDIR LEIS AN RIALACHÁN CEM

6. Mhol an Uachtaránacht, ar an 12 Márta 2019 i ndoiciméad 7451/19, dréachtú athbhreithnithe ar an **Rialachán CEM** atá beartaithe. Leis na hathruithe, féachtar leis an méid seo a leanas a dhéanamh go háirithe:

- go mbainfear cothromaíocht amach i dtaca le cineálacha fíona tríd an toirmeasc atá ann cheana a choinneáil, is é sin an toirmeasc ar sé cinn de chineálacha hibrídeacha sonracha agus ar an speiceas *Vitis labrusca*, ach go gceadófar do hibridí a úsáid i bhfíonta PDO;
- go soiléireofar na rialacha maidir le seiceálacha ar lipéadú fíona chun go n-áiritheofar cur chuige comhréireach;
- go mbeidh sé éigeantach úsáid a bhaint as na téarmaí 'dí-alcólaithe' agus 'páirt-dhí-alcólaithe' ar lipéadú na dtáirgí fíona sin;
- go mbeidh idirthréimhse ann don cheanglas nua luach cothaitheach agus liosta comhábhar an fhíona a léiriú ar an lipéadú.

Ceist don Comhairle:

An ndéanfa, i bprionsabal, treoshuíomh Uachtaránacht na Rómáine, a léirítear i ngach ceann den trí bhloc, is iad sin bloc II, bloc III agus bloc IV, a fhorhuiniú, agus cad iad na heilimintí a áirítear sna bloic sin, más ann dóibh, nach nglacfa leo ag an gcéim seo?